# CREIDIÚNAITHE

CEA

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Corporate Enforcement Authority

# Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an cóipcheart ar a bhfuil sa doiciméad seo. Féadfar an foilseachán seo ar fad, nó cuid de, a atáirgeadh gan aon chead eile, ar choinníoll go n-admhófar an fhoinse.

Ní dhéanfar aon ní atá anseo istigh a fhorléiriú mar léiriú ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó thar a cheann, ar an tuiscint nó an léirmhíniú atá aige ar aon cheann de na forálacha d'Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna leasú), nó ar an léirmhíniú ar aon dlí.

Ba cheart comhairle dlí neamhspleách a lorg i ndáil leis na héifeachtaí atá ag aon fhoráil dlí.

Ní ghlacann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó aon dliteanas a eascróidh ar aon slí as a bhfuil san fhoilseachán seo nó as aon earráidí, aon mhíchruinnis nó aon easnaimh sa doiciméad seo. Forchoimeádann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an ceart chun gníomhaíocht a dhéanamh, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht sin i gcomhréir le forálacha an doiciméid seo.

CEA

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# Clár Ábhar


**1.0 Réamhrá** 1

**2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Creidiúnaithe** 2

2.1 Cad is Creidiúnaí ann? 2

2.2 Cumhachtaí Creidiúnaithe 2

2.2.1 Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Leachtaitheoir a Cheapadh 2

2.2.2 Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Glacadóir a Cheapadh 3

2.2.3 Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Ceapadh Scrúdaitheora a Lorg 4

2.2.4 Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Breithiúnais Chúirte a Lorg i ndáil le Fiacha atá Dlite 4

2.2.5 Cumhachtaí Creidiúnaithe i gcás go bhfuil Mainneachtain ann 4

2.2.6 Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Imscrúdú ar Chuideachta a Lorg 4

2.2.7 Cumhachtaí Creidiúnaithe i gcás nach bhfuil Cuideachta faoi Leachtú 5

2.2.8 Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Cur ar Ais Cuideachta ar an gClár a Lorg 5

**3.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí** 6

3.1 Pionóis mar gheall ar Chionta Coiriúla 6

Pionóis arna bhForchur ag an gCúirt 6

3.2 Pionóis Shibhialta 7

Dícháiliú 7

Dícháiliú Uathoibríoch 7

Gealltanas maidir le Dícháiliú 8

Srian 8

Gealltanas maidir le Srian 8

Cuideachta a Bhaint den Chlár 9

**Aguisín A: Rannpháirtíocht Creidiúnaithe i Leachtú** 10

**Aguisín B: Rannpháirtíocht Creidiúnaithe i Scrúdaitheoireacht** 11

An Ceart chun Éisteacht a Fháil 11

Ceapadh Coiste Creidiúnaithe 11

Comhréiteach nó Scéim Comhshocraíochta 12

# 1.0 Réamhrá

## Le hAcht na gCuideachtaí, 2014 (‘Acht na gCuideachtaí’ anseo ina dhiaidh seo), rinneadh Achtanna Cuideachtaí roimhe sin a chomhdhlúthú agus a leasú. Leis an Acht, cruthaíodh cineálacha nua cuideachta agus tugadh isteach roinnt athruithe ar róil páirtithe éagsúla i ndlí na gcuideachtaí.

Leis an Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001, bunaíodh Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus tugadh a feidhmeanna anonn le hAcht na gCuideachtaí. Le hAcht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (‘an tÚdarás’) agus forfheidhmeoidh sé anois dlí na gcuideachtaí in Éirinn.

Ceann amháin d’fheidhmeanna an Údaráis is ea comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh. Dá réir sin, eiseoidh an tÚdarás sraith Leabhar Faisnéise ina dtabharfar breac-chuntas ar phríomhróil agus príomhfhreagrachtaí roinnt de na príomhghníomhaithe i ndlí na gcuideachtaí agus chun cabhrú le daoine nach gairmithe iad eolas níos fearr a ghnóthú ar a gcuid ceart agus oibleagáidí faoin dlí.

**Baineann na Leabhair Faisnéise ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach leis na topaicí seo a leanas:**

**Leabhar Faisnéise 1 – Treoir Aonair do Chuideachtaí**
**Leabhar Faisnéise 2 – Cuideachtaí**
**Leabhar Faisnéise 3 – Stiúrthóirí Cuideachta**
**Leabhar Faisnéise 4 – Rúnaithe Cuideachta**
**Leabhar Faisnéise 5 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí**
**Leabhar Faisnéise 6 – Iniúchóirí**
**Leabhar Faisnéise 7 – Creidiúnaithe**
**Leabhar Faisnéise 8 – Leachtaitheoirí, Glacadóirí agus Scrúdaitheoirí**

De bhreis ar na dualgais agus cumhachtaí iomchuí, tá faisnéis le fáil i ngach leabhar faoi na pionóis mar gheall ar mhainneachtain Acht na gCuideachtaí a chomhlíonadh.

Measann an tÚdarás go bhfuil sé tábhachtach gur cheart do dhaoine aonair a bhaineann leas as tairbhí agus pribhléidí an chorpraithe a bheith ar an eolas faoi na dualgais agus freagrachtaí comhfhreagracha. Tá na Leabhair Faisnéise sin ceaptha chun cur leis an bhfeasacht atá ag daoine aonair i ndáil leis na dualgais agus freagrachtaí sin.

Chomh maith leis sin, ullmhaíodh gach leabhar lena úsáid ag léitheoirí nach gairmithe iad chun príomhcheanglais dhlí na gcuideachtaí a dhéanamh níos fusa le tuiscint.

Athdhearbhaíonn an tÚdarás nach féidir an treoir seo a fhorléiriú mar ní lena dtairgtear léiriú ar éifeachtaí dlíthiúla fhorálacha iomchuí Acht na gCuideachtaí.

Tá sé tábhachtach a lua gurb amhlaidh, i gcás go bhfuil amhras ar léitheoirí faoina n-oibleagáidí dlíthiúla nó faoina gcearta, ba cheart dóibh comhairle ghairmiúil neamhspleách dlí nó cuntasaíochta a iarraidh de réir mar is cuí.

**An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
**Iúil 2022**

# 2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Creidiúnaithe

## 2.1 Cad is Creidiúnaí ann?

Is é is creidiúnaí de chuid cuideachta ann ná duine nó cuideachta a bhfuil airgead (fiach) dlite ón gcuideachta dó nó di. Go ginearálta, is ann do dhá chineál creidiúnaí, eadhon: creidiúnaí urraithe agus creidiúnaí neamhurraithe. Is í an cheist faoi cé acu atá fiach urraithe nó neamhurraithe a shocraíonn conas a fhéadfaidh creidiúnaí an fiach sin a bhailiú.

- Creidiúnaí urraithe: is é is creidiúnaí urraithe ann ná creidiúnaí a bhfuil éileamh aige nó aici ar roinnt de shócmhainní an iasachtaí. Mar shampla, is amhlaidh, maidir le foras airgeadais a thugann airgead ar iasacht do chuideachta chun áitreabh a cheannach, a cheanglóidh sí go hiondúil go dtabharfaí an gníomhas i leith an áitribh mar urrús don iasacht.
  Féadfaidh creidiúnaí urraithe, mar chuid den chomhaontú iasachta, an ceart chun glacadóir a cheapadh a fhorchoimeád i gcás nach n-aisíoctar a fhiach nó a fiach. Tá sé de chúram ar ghlacadóir an tsócmhainn urraithe/na sócmhainní urraithe a dhíol nó a dhiúscairt ar shlí eile d'fhonn an fiach a aisíoc.
- Creidiúnaí neamhurraithe: is é is creidiúnaí neamhurraithe ann ná creidiúnaí a bhfuil airgead dlite dó nó di ach nach bhfuil aon éileamh aige nó aici ar shócmhainní na cuideachta. Glacann creidiúnaí neamhurraithe le níos mó riosca ná mar a ghlacann creidiúnaí urraithe leis agus, i gcás nach féidir leis an gcuideachta a fiacha a íoc, íocfar creidiúnaithe urraithe roimh chreidiúnaithe neamhurraithe.

## 2.2 Cumhachtaí Creidiúnaithe

Is í an chumhacht is suntasaí atá ag creidiúnaithe faoi Acht na gCuideachtaí ná a lorg go leachtófaí an chuideachta (i.e., go ndíscaoilfí í go dlíthiúil). De bhreis ar leachtú agus ar ghlacadóireacht, tá cumhachtaí éagsúla eile ag creidiúnaithe chun aghaidh a thabhairt ar mhainneachtainí in oibriú cuideachta. Tá mionsonraí faoi na cumhachtaí sin leagtha amach thíos.

### 2.2.1 Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Leachtaitheoir a Cheapadh

Féadfar cuideachta a fhoirceannadh ar dhá shlí lena mbaineann na creidiúnaithe, eadhon: le hordú ón gCúirt; agus trí leachtú toilteanach ag creidiúnaithe.

**Le hOrdú ón gCúirt[1]**

Féadfaidh creidiúnaí foirceannadh cuideachta a achainí ar an gCúirt[2] i gcás nach féidir léi a fiacha a íoc[3]. Meastar cuideachta gan a bheith ábalta a fiacha a íoc:

- i gcás nár íocadh fiach is ionann agus €10,000 nó níos mó le creidiúnaí laistigh de thrí seachtaine ó éileamh scríofa a fháil; nó
- i gcás nár íocadh fiacha is ionann agus €20,000 nó níos mó le dhá chreidiúnaí nó níos mó laistigh de thrí seachtaine ó éileamh scríofa a fháil[4]; nó
- i gcás nach sásaítear breithiúnas Cúirte; nó
- i gcás go gcruthaítear ar shlí eile chun sástacht na Cúirte nach bhfuil an chuideachta in ann a fiacha a íoc.

1. Alt 572 d'Acht na gCuideachtaí.
2. Alt 571 d'Acht na gCuideachtaí.
3. Alt 570 d'Acht na gCuideachtaí.
4. Bhí feidhm ag tairseacha difriúla go sealadach le linn na tréimhse eatramhaí a leagadh síos le hAcht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19), 2020.

I gcás go n-agóideann cuideachta de mheon macánta go bhfuil an fiach dlite agus ag dul don chreidiúnaí, cuirfear an achainí ar atráth fad atá cinneadh ar bhailíocht an fhéich ar feitheamh. Chun go ndéanfaí an achainí a dhíbhe, ní mór don chuideachta a shuí nach bhfuil aon dliteanas ann i ndáil leis an bhfiach. Tá dlínse dhúchasach ag an gCúirt freisin chun faoiseamh a dhiúltú i gcás go measann sí gur mí-úsáid as a próiseas é an t-iarratas, amhail an achainí a úsáid mar mhodh bailithe fiach.

#### Leachtú Toilteanach ag Creidiúnaithe[5]

I gcás go gcinneann na comhaltaí de chuideachta i gcruinniú ginearálta nach féidir leis an gcuideachta, de bharr na ndliteanas atá uirthi, leanúint lena cuid gnó agus go bhfoirceannfar í go toilteanach, ba cheart leachtaitheoir a cheapadh ag cruinniú comhaltaí agus ba cheart don chuideachta cruinniú dá creidiúnaithe a ghairm don lá ar a bhfuil an rún foirceanta beartaithe, nó don lá ina dhiaidh sin.

Le linn dóibh ullmhú don chruinniú creidiúnaithe, ní mór do stiúrthóir na cuideachta:

- fógra i dtaobh an chruinnithe creidiúnaithe a fhógairt in dhá nuachtán laethúla ar a laghad agus fógra deich lá a thabhairt do na creidiúnaithe;
- ráiteas iomlán maidir le staid chúrsaí na cuideachta a ullmhú, mar aon le liosta dá creidiúnaithe agus de mhéid measta a n-éilimh; agus
- stiúrthóir a ainmniú chun dul i gceannas ar an gcruinniú creidiúnaithe agus an ráiteas maidir le cúrsaí a thíolacadh don chruinniú creidiúnaithe.

Go ginearálta, tabharfaidh an stiúrthóir ainmnithe atá i gceannas ar an gcruinniú breac-chuntas ar na cúiseanna le mainneachtain na cuideachta agus tabharfaidh sé nó sí freagraí ar cheisteanna.

Féadfaidh na creidiúnaithe, ag an gcruinniú creidiúnaithe, duine a ainmniú mar leachtaitheoir don chuideachta agus, i gcás nach iad na daoine céanna an t-ainmní sin agus ainmní na cuideachta, is é nó is í an duine a ainmneoidh na creidiúnaithe a bheidh ar an leachtaitheoir[6]. Féadfaidh na creidiúnaithe, ag cruinniú, “Coiste Iniúchta” a cheapadh freisin agus líon nach mó ná cúigear[7] a cheapadh don choiste.

Is leagtha amach in Aguisín A atá rannpháirtíocht creidiúnaithe sa phróiseas leachtaithe, i gcás go bhfuil cuideachta faoi leachtú dócmhainneach.

### 2.2.2 Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Glacadóir a Cheapadh

I gcás go ndearna cuideachta mainneachtain i ndáil le creidiúnaí urraithe a íoc, féadfaidh an creidiúnaí urraithe a lorg go gceapfaí glacadóir don chuideachta, de bhun cumhachtaí atá sa bhintiúr (an comhaontú iasachta) a bhaineann leis an bhfiach i gceist nó trí iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt de réir mar is cuí.

**Pléitear topaic na Scrúdaitheoireachta go mion i Leabhar Faisnéise 8 – Leachtaitheoirí, Glacadóirí agus Scrúdaitheoirí.**

5. Ailt 585-588 d’Acht na gCuideachtaí.
6. Alt 588(2)(a) d’Acht na gCuideachtaí.
7. Alt 667 d’Acht na gCuideachtaí.

### 2.2.3 Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Ceapadh Scrúdaitheora a Lorg

Is é is scrúdaitheoireacht ann ná próiseas trína bhfaightear cosaint na Cúirte chun cabhrú le marthanas cuideachta a chinntiú. Go bunúsach, is amhlaidh le scrúdaitheoireacht a chosnaítear an chuideachta ar a creidiúnaithe ar feadh tréimhse 70 lá agus a chuirtear ar chumas na cuideachta athstruchtúrú le ceadú na Cúirte[8].

**Pléitear topaic na Scrúdaitheoireachtaí go mion i Leabhar Faisnéise 8 – Leachtaitheoirí, Glacadóirí agus Scrúdaitheoirí.**

Féadfaidh creidiúnaí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte[9] ar scrúdaitheoir a cheapadh i gcás gur dealraitheach:

- nach féidir, nó gur dóigh nach féidir, le cuideachta a fiacha a íoc; agus
- nach ann d'aon rún le haghaidh fhoirceannadh na cuideachta; agus
- nach ndearnadh aon ordú go bhfoirceannfaí an chuideachta; agus
- gur deimhin leis an gCúirt go bhfuil ionchas réasúnach ann go mairfidh an chuideachta, agus a gnóthas ina iomláine nó aon chuid de, mar ghnóthas leantach[10].

Is leagtha amach in Aguisín B atá rannpháirtíocht creidiúnaithe sa phróiseas scrúdaitheoireachta.

### 2.2.4 Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Breithiúnais Chúirte a Lorg i ndáil le Fiacha atá Dlite

I gcás go mainníonn cuideachta fiach atá dlite do chreidiúnaí a íoc, féadfaidh an creidiúnaí breithiúnas cúirte in aghaidh na cuideachta a lorg, rud a fhéadfar a fhorghníomhú ina dhiaidh sin ar mhodhanna éagsúla, lena n-áirítear clárú sa Chúirt agus bailiú ag an Sirriam.

### 2.2.5 Cumhachtaí Creidiúnaithe i gcás go bhfuil Mainneachtain ann[11]

I gcás go ndearna cuideachta nó aon duine dá hoifigigh mainneachtain maidir le haon fhoráil d'Acht na gCuideachtaí a chomhlíonadh, féadfaidh creidiúnaí fógra a sheirbheáil lena gceanglaítear go slánófaí an mhainneachtain laistigh de cheithre lá dhéag. Mura slánaíonn an chuideachta nó an t-oifigeach an mhainneachtain, féadfaidh an creidiúnaí iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ar ordú lena n-ordófaí don chuideachta nó don oifigeach an mhainneachtain a shlánú.

### 2.2.6 Cumhachtaí Creidiúnaithe chun Imscrúdú ar Chuideachta a Lorg[12]

Féadfaidh creidiúnaí de chuid na cuideachta iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt go ndéanfaí Cigire amháin nó níos mó a cheapadh chun cúrsaí cuideachta a imscrúdú agus chun tuairisciú orthu sin. I gcás go gceapann an Chúirt Cigire/Cigirí, sonraíonn sí na nithe beachta a ndéanfar fiosrú orthu. I gcás go ndéanann creidiúnaí iarratas den sórt sin, féadfaidh an Chúirt a cheangal ar an iarratasóir urrús a thabhairt i leith costais an imscrúdaithe a íoc.

Tógann cigirí a cheaptar faoin alt seo ordacháin ón gCúirt agus tuairiscíonn siad don Chúirt.

8. Alt 520 d'Acht na gCuideachtaí. Bhí feidhm ag teorainneacha ama difriúla maidir le Tuarascálacha Scrúdaitheoirí (alt 534 d'Acht na gCuideachtaí) le linn na tréimhse eatramhaí a ndearnadh foráil di le hAcht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19), 2020.
9. Alt 510 d'Acht na gCuideachtaí.
10. Alt 509(2) d'Acht na gCuideachtaí.
11. Alt 797 d'Acht na gCuideachtaí.
12. Alt 747 d'Acht na gCuideachtaí.

### 2.2.7 Cumhachtaí Creidiúnaithe i gcás nach bhfuil Cuideachta faoi Leachtú[13]

I gcás go gcruthaítear chun sástacht na Cúirte:

- nach bhfuil an chuideachta in ann a fiacha a íoc; nó
- go bhfuair creidiúnaithe na cuideachta breithiúnas nó foraithne nó ordú fabhrach ón gCúirt i leith fiach a n-aischuirtear é gan bheith sásaithe go hiomlán nó go páirteach san fhorghníomhú;

agus, i gceachtar cás, gur dealraitheach don Chúirt gurb í neamhdhóthanacht a cuid sócmhainní an chúis nó an phríomhchúis nach bhfuil an chuideachta á foirceannadh, féadfaidh na creidiúnaithe iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ar fheidhmiú roinnt cumhachtaí.

Féadfaidh creidiúnaithe iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ar fhaoisimh éagsúla, lena n-áirítear:

- ordú lena n-ordófaí go ndéanfadh cuideachta ghaolmhar ranníoc le sócmhainní na cuideachta atá á foirceannadh;
- ordú a thabhairt go ndéanfaí sócmhainní a aistríodh go míchuí a aischur;
- dliteanas pearsanta a fhorchur ar oifigigh i gcás nár choimeád an chuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha;
- dliteanas sibhialta a fhorchur ar oifigigh maidir le trádáil chalaoiseach nó mheargánta;
- damáistí in aghaidh daoine áirithe a mheasúnú maidir le héagóiritheoireacht;
- iniúchadh leabhar ag creidiúnaithe agus ranníocóirí na cuideachta;
- scrúdú a dhéanamh ar aon oifigeach nó ar aon duine eile atá in ann faisnéis a thabhairt maidir le tionscnamh nó foirmiú, déileáil nó trádáil, cúrsaí nó maoin, na cuideachta; agus
- gabháil agus urghabháil ar a chruthú go bhfuil cúis dhóchúil ann chun a chreidiúint go bhfuil ranníocóir, stiúrthóir, rúnaí nó oifigeach eile don chuideachta ar tí an Stát a fhágáil.

### 2.2.8 Cumhacht Creidiúnaithe chun Cur ar Ais Cuideachta ar an gClár a Lorg[14]

I gcás gur baineadh cuideachta de chlár na gcuideachtaí, féadfaidh creidiúnaí iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda ar ordú lena gcuirfí an chuideachta ar ais ar an gclár ionas go bhféadfaidh sé nó sí imeachtaí a thionscnamh in aghaidh na cuideachta. I gcás go gcuirtear cuideachta ar ais ar an gclár ar an tslí sin, meastar gur lean an chuideachta ar marthain amhail is nach mbainfí den chlár í.

13. Alt 567 d'Acht na gCuideachtaí.
14. Alt 738 d'Acht na gCuideachtaí.

# 3.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí

## 3.1 Pionóis mar gheall ar Chionta Coiriúla

### Pionóis arna bhForchur ag an gCúirt

Faoi Acht na gCuideachtaí, déantar foráil do dhá chineál ciona choiriúla, eadhon cionta achoimre agus cionta indíotáilte. Is gnách gur de chineál níos neamh-thromchúisí atá cion achomair agus déantar é a thriail os comhair breithimh agus ní dhéantar é a thriail ach amháin sa Chúirt Dúiche. Is gnách gur de chineál níos tromchúisí atá cionta indíotáilte. Faoi mar atá amhlaidh i gcás cionta achoimre, ní fhéadfar cionta indíotáilte a thriail ach amháin sa Chúirt Dúiche agus os comhair breithimh. Is í an difríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte, áfach, ná gurb amhlaidh, mar gheall ar an gcineál níos tromchúisí atá ag gabháil leo, a fhéadfar cionta indíotáilte a thriail sa Chúirt Chuarda, i.e., os comhair breithimh agus giúiré. I gcás go ndéantar amhlaidh, deirtear go n-ionchúisítear an cion indíotáilte ar díotáil. I gcás go n-ionchúisítear cion ar díotáil, is gnách go mbíonn na pionóis a bhforáiltear dóibh leis an dlí ar chiontú i bhfad níos airde ná mar a bheadh na pionóis dá mba rud é gur ionchúisíodh an cion go hachomair.

Faoi alt 871 d'Acht na gCuideachtaí, maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoin Acht seo a sonrófar gur cion de chuid earnáil 1 é, dlífear:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A[15] nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Go ginearálta, maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a sonrófar gur cion de chuid earnáil 2 é, dlífear:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a sonrófar gur cion de chuid earnáil 3 é, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a sonrófar gur cion de chuid earnáil 4 é, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A a chur air nó uirthi.

Féadfaidh an Chúirt ina ndéantar ciontú i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a dhearbhú nó a thaifeadadh an duine ciontaithe a ordú chun an sárú a leigheas[16].

15. Ciallaíonn "fíneáil de chuid aicme A" agus an méid seo á fhoilsiú fíneáil nach mó ná €5,000 (Foinse: An tAcht Fíneálacha, 2010).
16. Alt 872 d'Acht na gCuideachtaí.

Foráiltear le hAcht na gCuideachtaí, áfach, do smachtbhannaí i bhfad níos airde i ndáil le cionta áirithe, amhail:

- An Treoir maidir le Trédhearcacht[17] – fíneáil nach mó ná €1 mhilliún agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana a chur ar dhuine ar é nó í a chiontú ar díotáil faoin dlí maidir le trédhearcacht (margaí rialáilte)[18];
- An Treoir Réamheolaire[19] – fíneáil nach mó ná €1 mhilliún agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana a chur ar dhuine ar é nó í a chiontú ar díotáil faoi Dhlí Réamheolaire na hÉireann[20];
- An Treoir maidir le Drochúsáid Mhargaidh[21] – fíneáil nach mó ná €10 milliún agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana a chur ar dhuine ar é nó í a chiontú ar díotáil faoi dhlí na hÉireann maidir le drochúsáid mhargaidh[22].

## 3.2 Pionóis Shibhialta

### Dícháiliú

De bhreis ar fhíneálacha agus pionóis mar gheall ar chionta coiriúla, tá forálacha ann freisin maidir le smachtbhannaí eile faoi Acht na gCuideachtaí, amhail dícháiliú agus srian.

Ciallaíonn "dícháiliú" duine a bheith dícháilithe chun a cheaptha nó a ceaptha nó chun gníomhú mar stiúrthóir nó oifigeach eile, iniúchóir reachtúil, glacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir, nó chun baint nó páirt a bheith aige nó aici ar aon slí, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, i dtionscnamh, foirmiú nó bainistiú aon chuideachta[23].

Féadfar duine a dhícháiliú:

a) trí Ordú Dícháilíochta ón gcúirt; nó

b) trí ghlacadh le Gealltanas maidir le Dícháiliú – áit a nglacann an duine leis go gcuirfear faoi dhícháiliú é nó í trí ghlacadh le gealltanas forordaithe maidir le dícháiliú agus trí é a shíniú.

### Dícháiliú Uathoibríoch[24]

Dícháilíonn an chúirt duine go huathoibríoch má chiontaítear an duine sin ar díotáil:

- in aon chion faoi Acht na gCuideachtaí nó faoi aon achtachán eile, de réir mar a bheidh forordaithe, i ndáil le cuideachta; nó
- in aon chion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht.

Beidh aon duine a ndícháilíonn an chúirt é nó í faoi réir ordú dícháilíochta ar feadh tréimhse cúig bliana nó ar feadh cibé tréimhse eile a shonróidh an chúirt. Tá oibleagáid ar an gcúirt mionsonraí faoin ordú dícháilíochta a sheoladh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí chun go gcuirfear na mionsonraí arna soláthar ar áireamh sa chlár poiblí daoine dícháilithe[25].

Féadfaidh an tÚdarás iarratas a dhéanamh chun na gCúirteanna freisin ar dhícháiliú aon duine ar roinnt foras[26], lena n-áirítear:

- é nó í a bheith ciontach in dhá chion nó níos mó i ndáil le cionta a bhaineann le taifid chuntasaíochta (alt 286);
- é nó í a bheith ciontach i mainneachtainí rialta faoi Acht na gCuideachtaí;
- é nó í a bheith ciontach i dtrádáil chalaoiseach nó mheargánta agus é nó í ina oifigeach nó ina hoifigeach de chuideachta.

17. Na Rialacháin maidir le Trédhearcacht (Treoir 2004/109/CE), 2007 – I.R. Uimh. 277 de 2007.
18. Alt 1382 d'Acht na gCuideachtaí.
19. Na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE), 2005 – I.R. Uimh. 324 de 2005.
20. Alt 1356 d'Acht na gCuideachtaí.
21. Na Rialacháin maidir le Drochúsáid Mhargaidh (Treoir 2014/57/AE), 2016 – I.R. Uimh. 349 de 2016 (arna leasú le I.R. Uimh. 11 de 2017 agus le I.R. Uimh. 375 de 2017).
22. Alt 1368 d'Acht na gCuideachtaí.
23. Alt 838 d'Acht na gCuideachtaí.
24. Alt 839 d'Acht na gCuideachtaí.
25. Ailt 863 agus 864 d'Acht na gCuideachtaí.
26. Alt 842 d'Acht na gCuideachtaí.

## Gealltanas maidir le Dícháiliú[27]

Is nós imeachta riaracháin é seo lena dtugtar rogha do dhuine (i gcás go bhfuil an tÚdarás den tuairim go bhfuil feidhm ag imthosca áirithe i ndáil le duine) é nó í féin a chur faoi réir a dhícháilithe nó a dícháilithe gan an gá le héisteacht chúirte a sheoladh. Féadfar leas a bhaint as an nós imeachta sin i gcás go bhfuil forais réasúnacha ag an Údarás chun a chreidiúint go bhfuil feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na himthosca a shonraítear in alt 842(a) go (i) d'Acht na gCuideachtaí maidir leis an duine[28]. Féadfaidh an tÚdarás, faoina lánrogha féin, deis a thairiscint don duine é nó í féin a chur faoi réir a dhícháilithe nó a dícháilithe. I gcás go gcuireann an duine é nó í féin faoi réir "gealltanas maidir le dícháiliú" agus go seolann sé nó sí an doiciméad um ghlacadh le dícháiliú ar ais chuig an Údarás, agus é sínithe go cuí, measfar é nó í a bheith ina dhuine dícháilithe nó ina duine dícháilithe. Tá oibleagáid ar an Údarás mionsonraí faoin dícháiliú a sheoladh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí lena gcur ar áireamh sa chlár poiblí daoine dícháilithe[29].

## Srian

Tá feidhm ag na forálacha a bhaineann le stiúrthóirí cuideachta a shrianadh[30] maidir le cuideachtaí dócmhainneacha, i.e., cuideachtaí nach bhfuil in ann a bhfiacha[31] a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite. I gcás go dtéann cuideachta faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht agus go bhfuil sí dócmhainneach, maidir le haon stiúrthóir ar an gcuideachta a mhainníonn an tÚdarás nó an Chúirt a shásamh gur ghníomhaigh sé go macánta agus go freagrach, féadfar é nó í a shrianadh ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana.

## Gealltanas maidir le Srian[32]

Is nós imeachta riaracháin é seo lena dtugtar deis don duine é nó í féin a chur faoi réir a shrianta nó a srianta gan gá a bheith ann le héisteacht chúirte a sheoladh. Féadfaidh an tÚdarás, faoina lánrogha féin, deis a thairiscint don stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach é nó í féin a chur faoi réir a shrianta nó a srianta. Áireofar leis an tairiscint na himthosca, na fíorais agus na líomhaintí ba chúis leis an Údarás a bheith ag teacht ar an gcreideamh go bhfuil srianadh cuí.

I gcás go nglacann an duine leis an srianadh, agus go seolann sé an doiciméad maidir le glacadh le srianadh ar ais, agus é sínithe go cuí, seolfaidh an tÚdarás mionsonraí faoin "gealltanas maidir le srian" chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí lena gcur ar áireamh sa chlár daoine srianta[33].
Le srian den sórt sin, coisctear duine chun a cheaptha nó a ceaptha nó chun gníomhú ar aon slí, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, mar stiúrthóir nó mar rúnaí nó chun baint a bheith aige nó aici i bhfoirmiú nó tionscnamh aon chuideachta mura bhfuil sí caipitlithe go leordhóthanach[34]. I gcás cuideachta phoiblí theoranta (seachas cuideachta infheistíochta), is é €500,000 i scairchaipiteal íoctha leithroinnte an ceanglas caipitil agus, i gcás aon chuideachta eile, is é €100,000 an ceanglas caipitil. Tá cuideachta den sórt sin faoi réir rialacha níos doichte maidir le cothabháil caipitil freisin.

Aon duine a leanann de bheith i mbun oifige mar stiúrthóir ar chuideachta ar an srian a bheith ar siúl gan an chuideachta a bheith caipitlithe go leordhóthanach, measfar, gan cruthúnas ar aon rud breise, gur sháraigh sé nó sí Acht na gCuideachtaí agus dícháileofar é nó í go huathoibríoch mar stiúrthóir. **Pléitear topaic an tsrianta go mion in Aguisín B a ghabhann le Leabhar Faisnéise 3 – Stiúrthóirí Cuideachta.**

27. Alt 849 d'Acht na gCuideachtaí.
28. Is iad sin na himthosca a mbeadh ordú dícháilíochta mar thoradh orthu dá mba dheimhin leis an gcúirt go bhfuil feidhm acu, agus leagtar amach iad in alt 862 d'Acht na gCuideachtaí.
29. Alt 864 d'Acht na gCuideachtaí.
30. Ailt 819 agus 820 d'Acht na gCuideachtaí.
31. Alt 570 d'Acht na gCuideachtaí.
32. Alt 852 d'Acht na gCuideachtaí.
33. Alt 823 d'Acht na gCuideachtaí.
34. Alt 819(3) d'Acht na gCuideachtaí.

Aon duine a ghníomhaíonn, i ndáil le haon chuideachta, ar mhodh nó i gcáil a mbeidh toirmeasc air nó uirthi gníomhú amhlaidh de bhua é nó í a bheith ina dhuine nó ina duine (a) atá faoi réir ordú dích※ílíochta, nó (b) atá faoi réir dearbhú maidir le srian, beidh sé nó sí ciontach i gcion de chuid earnáil 2[35].

## Cuideachta a Bhaint den Chlár[36]

Féadfaidh Cláraitheoir na gCuideachtaí fógra a thabhairt i dtaobh an rúin cuideachta a bhaint den chlár ar cheann ar bith de na forais seo a leanas:

- mhainnigh an chuideachta tuairisceán bliantúil a thabhairt de réir mar is gá; nó
- níl aon duine ann atá taifeadta a bheith ina stiúrthóir reatha ar an gcuideachta; nó
- thug na Coimisinéirí Ioncaim fógra gur mhainnigh an chuideachta ráiteas faoi shonraí ag cuideachtaí nua a sheachadadh; nó
- tá cúis réasúnach ag an gCláraitheoir chun a chreidiúint nach bhfuil an chuideachta ag comhlíonadh an cheanglais chun stiúrthóir a bhfuil cónaí air nó uirthi i stát de chuid LEE a bheith aici nó nach sealbhaíonn sí an banna riachtanach in éagmais stiúrthóir den sórt sin a bheith ann[37]; nó
- tá an chuideachta á foirceannadh agus tá cúis réasúnach ag an gCláraitheoir chun a chreidiúint nach bhfuil aon leachtaitheoir ag gníomhú; nó
- tá an chuideachta á foirceannadh agus níl aon tuairisceáin tugtha ag an leachtaitheoir ar feadh tréimhse 6 mhí as a chéile.

Má bhaintear cuideachta den chlár, aistreofar úinéireacht ar shócmhainní na cuideachta chuig an Stát go huathoibríoch. Fanfaidh siad faoi úinéireacht an Stáit go dtí cibé am a chuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár. Le linn don chuideachta a bheith bainte den chlár, leantar den dliteanas atá ar gach stiúrthóir, gach oifigeach agus gach comhalta de chuid na cuideachta agus féadfar é a fhorghníomhú[38] ionann is dá mba rud é nár díscaoileadh an chuideachta.

Maidir leis na nósanna imeachta a cheanglaítear a chomhlíonadh chun go gcuirfear cuideachta ar ais ar an gclár, pléitear iad in Aguisín A a ghabhann le Leabhar Faisnéise 2 – Cuideachtaí. Tá faisnéis shonrach mhionsonraithe faoi chuideachta a chur ar ais ar an gClár ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí – www.cro.ie

35. Alt 855 d'Acht na gCuideachtaí.
36. Alt 725 d'Acht na gCuideachtaí.
37. Alt 137 d'Acht na gCuideachtaí.
38. Alt 734 d'Acht na gCuideachtaí.

# Aguisín A

## Rannpháirtíocht Creidiúnaithe i Leachtú

I gcás go bhfuil cuideachta faoi leachtú dócmhainneach, tá roinnt cumhachtaí ar fáil ag creidiúnaí.

- Féadfaidh creidiúnaí iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ar leabhair agus páipéir na cuideachta a iniúchadh[39].
- Féadfaidh creidiúnaí iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ar scrúdú ar oifigigh na cuideachta faoi mhionn i ndáil le cúrsaí na cuideachta[40].
- Féadfaidh creidiúnaí iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ar ordú nach laghdódh stiúrthóir nó oifigeach eile don chuideachta a shócmhainní nó a sócmhainní laistigh den Stát faoi bhun méid a bheidh sonraithe ag an gCúirt i gcás go bhfuil cúis chaingne shubstainteach ag an gcreidiúnaí in aghaidh an stiúrthóra, aon oifigigh eile nó na cuideachta agus go bhfuil forais ann chun a chreidiúint go bhféadfaidh an stiúrthóir nó an t-oifigeach eile a shócmhainní nó a sócmhainní nó sócmhainní na cuideachta a thabhairt chun siúil nó a dhiúscairt d’fhonn a oibleagáidí nó a hoibleagáidí nó oibleagáidí na cuideachta a sheachaint agus d’fhonn cur isteach ar ordú ón gCúirt[41].
- Féadfaidh creidiúnaí iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ar ranníocóir le sócmhainní na cuideachta, stiúrthóir, cúlstiúrthóir, rúnaí nó oifigeach eile do chuideachta a ghabháil agus a leabhair, a pháipéir nó a páipéir agus a mhaoin shochorraithe nó a maoin shochorraithe a urghabháil i gcás go bhfuil cúis dhóchúil aige nó aici chun a chreidiúint go bhfuil an duine ar tí éalú nó ar tí aon mhaoin dá chuid nó dá cuid a aistriú nó a cheilt ionas go bhféadfadh sé nó sí dul ó ghlaochanna a íoc nó scrúdú ar chúrsaí na cuideachta a sheachaint[42].
- I gcás go bhfuil ganntanas ann sna sócmhainní atá ar fáil, féadfaidh creidiúnaí iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ar ordú lena n-ordófaí go ndéanfadh cuideachta ghaolmhar ranníoc le sócmhainní na cuideachta atá á foirceannadh[43].
- I gcás go gceaptar glacadóir na maoine de chuid cuideachta, féadfaidh creidiúnaí iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt go ndéanfaí maoin ar dhiúscair an chuideachta í a aischur má mheasann sé nó sí gurbh é éifeacht na diúscartha sin calaois a dhéanamh ar an gcuideachta, ar a creidiúnaithe nó ar a comhaltaí. Más deimhin leis an gCúirt go bhfuil sé sin amhlaidh, féadfaidh sí a ordú go ndéanfaí an mhaoin nó na fáltais díola a aischur ar cibé téarmaí is cuí léi[44].
- Féadfaidh creidiúnaí imeachtaí a thionscnamh in aghaidh stiúrthóirí nó daoine eile i ndáil le trádáil chalaoiseach nó mheargánta, á lorg go ndéanfaí na daoine sin freagrach go pearsanta as fiacha uile na cuideachta, nó as aon chuid díobh sin[45]. Féadfar dliteanas coiriúil a fhorchur freisin ar dhuine a gheofar ciontach i dtrádáil chalaoiseach[46].
- I gcás gurb amhlaidh, i gcúrsa cuideachta a fhoirceannadh, is dealraitheach go ndearna aon duine a ghlac páirt i bhfoirmiú nó i dtionscnamh na cuideachta, nó aon iaroifigeach, aon iarleachtaitheoir, aon iarleachtaitheoir sealadach, aon iarghlacadóir nó aon iarscrúdaitheoir de chuid na cuideachta nó aon oifigeach láithreach, aon leachtaitheoir láithreach, aon leachtaitheoir sealadach láithreach, aon ghlacadóir láithreach nó aon scrúdaitheoir láithreach de chuid na cuideachta aon airgead nó maoin de chuid na cuideachta a chur chun mífheidhme nó a choinneáil go héagórach, nó gur tháinig sé nó sí faoi dhliteanas nó chun bheith cuntasach i leith aon airgid nó maoine de chuid na cuideachta nó go raibh sé nó sí ciontach i bhfaillí nó míghníomh (éagóiritheoireacht) nó i sárú eile dualgais nó iontaoibhe i ndáil leis an gcuideachta, féadfaidh creidiúnaí imeachtaí míghnímh a thionscnamh i leith airgead den sórt sin a ghnóthú[47].
- Féadfaidh creidiúnaí iarratas a dhéanamh ar dhliteanas pearsanta a fhorchur ar stiúrthóir freisin i gcás nár choimeád an chuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha[48].

39. Alt 684 d’Acht na gCuideachtaí.
40. Alt 671 d’Acht na gCuideachtaí.
41. Alt 798 d’Acht na gCuideachtaí.
42. Alt 675 d’Acht na gCuideachtaí.
43. Alt 599 d’Acht na gCuideachtaí.
44. Alt 443 d’Acht na gCuideachtaí.
45. Alt 610 d’Acht na gCuideachtaí.
46. Alt 722 d’Acht na gCuideachtaí.
47. Alt 612 d’Acht na gCuideachtaí.
48. Alt 609 d’Acht na gCuideachtaí.

# Aguisín B

## Rannpháirtíocht Creidiúnaithe i Scrúdaitheoireacht

Is é is scrúdaitheoireacht ann ná próiseas trína bhfaightear cosaint na Cúirte chun cabhrú le marthanas cuideachta a chinntiú. Go bunúsach, is amhlaidh le Scrúdaitheoireacht a chosnaítear an chuideachta ar a creidiúnaithe ar feadh tréimhse 70 lá agus a chuirtear ar chumas na cuideachta athstruchtúrú le ceadú na Cúirte[49]. I gcás gur deimhin leis an gCúirt nach mbeadh an scrúdaitheoir in ann tuarascáil a thabhairt laistigh den tréimhse ama, féadfaidh sí an tréimhse sin a fhadú de mhéid nach mó ná 30 lá[50].

Is é an éifeacht atá ag achainí chun scrúdaitheoir a cheapadh gurb amhlaidh, chomh fada agus atá an chuideachta faoi chosaint na cúirte, nach bhféadfar an chuideachta a fhoirceannadh agus nach bhféadfar glacadóir a cheapadh ar aon chuid de mhaoin na cuideachta. De bhreis air sin, ní fhéadfar aon astú ná athshealbhuithe a chur i bhfeidhm in aghaidh mhaoin nó earraí na cuideachta, ach amháin le toiliú an scrúdaitheora.

### An Ceart chun Éisteacht a Fháil

Ag éisteacht na hachainí chun scrúdaitheoir a cheapadh, éistfidh an Chúirt uiríll ó aon chreidiúnaithe ar mian leo freastal uirthi. I gcás gur ceapadh scrúdaitheoir do chuideachta, glacann creidiúnaithe páirt sa phróiseas scrúdaithe ar roinnt bealaí.

I gcás go dtuairiscíonn na saineolaithe neamhspleácha don chúirt go bhfuil fianaise ann go ndeachaigh cuid mhór maoine de chuid na cuideachta ar iarraidh nó go bhfuil mírialtachtaí troma eile ann i ndáil leis an gcuideachta, tionólfaidh an chúirt éisteacht chun an fhianaise sin a mheas. Tá páirtithe leasmhara i dteideal teacht i láthair agus labhairt ag éisteacht maidir le mírialtachtaí[51].

### Ceapadh Coiste Creidiúnaithe[52]

Féadfaidh scrúdaitheoir coiste creidiúnaithe a cheapadh chun cuidiú leis nó léi a chuid nó a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh agus chun cibé gnó a dhéanamh is gá. Ní bheidh níos mó ná 5 chomhalta ar choiste den sórt sin agus folóidh sé sealbhóirí na dtrí éileamh neamhurraithe is mó.

49. Alt 520 d'Acht na gCuideachtaí.
50. Alt 534(3) d'Acht na gCuideachtaí. Bhí feidhm ag teorainneacha ama difriúla maidir le Tuarascálacha Scrúdaitheoirí le linn na tréimhse eatramhaí a ndearnadh foráil di le hAcht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19), 2020.
51. Alt 533 d'Acht na gCuideachtaí.
52. Alt 538 d'Acht na gCuideachtaí.

### Comhréiteach nó Scéim Comhshocraíochta[53]

Déanfaidh scrúdaitheoir, ar a cheapadh nó a ceapadh ag an gcúirt, tograí a chur le chéile le haghaidh comhréitigh nó scéim comhshocraíochta le creidiúnaithe agus le comhaltaí. Tabharfar cóip de na tograí comhréitigh don choiste creidiúnaithe le haghaidh tuairime thar ceann creidiúnaithe.

I gcás go gcuireann scrúdaitheoir tograí le chéile, cuirtear faoi bhráid cruinnithe de gach aicme comhaltaí agus creidiúnaithe. Meastar gur ghlac aicme creidiúnaithe leis na tograí comhréitigh i gcás gur vótáil tromlach de réir lín is ionann agus tromlach i luach na n-éileamh arna n-ionadú ag an gcruinniú sin i bhfabhar na dtograí.

Tugtar na tograí os comhair na Cúirte ansin, a chinneann cé acu a dhaingneoidh sí na tograí (fara nó d'éagmais modhnaithe) nó a dhiúltóidh sí iad. Ní fhéadfaidh an Chúirt na tograí a dhaingniú mura rud é:

- gur ghlac aon aicme amháin creidiúnaithe, ar a laghad, leis na tograí ar aicme í nó ar aicmí iad a ndéanfaí dochar dá leasanna nó dá héilimh nó dá n-éilimh trí na tograí a chur i bhfeidhm, agus
- gur deimhin leis an gcúirt go bhfuil na tograí cóir cothromasach i ndáil le haon aicme comhaltaí nó creidiúnaithe nár ghlac leis na tograí agus a ndéanfaí dochar dá leasanna nó dá n-éilimh trína gcur i bhfeidhm agus nach ndéanfadh na tograí dochar míchothrom do leasanna aon pháirtí leasmhair[54].

53. Alt 539 d'Acht na gCuideachtaí.
54. Alt 541 d'Acht na gCuideachtaí.

An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Parnell Thoir | Baile Átha Cliath 1 | D01 W5C2 | Éire
Teil.: +353 1 858 5800
Ríomhphost: info@cea.gov.ie
Gréasán: www.cea.gov.ie

Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil

An English version of this booklet is available

CEA
Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority